Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Márta 2017**
**(OR. en)**

**7804/17**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0035 (COD)**

**POLGEN 36**
**INST 154**
**JUR 167**
**CODEC 512**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 15 Feabhra 2017 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2017) 85 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2017) 85 final.

---

Faoi iamh: COM(2017) 85 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 14.2.2017
COM(2017) 85 final

2017/0035 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Forbairt é an togra seo ar ráiteas ó Uachtarán an Choimisiún san aitheasc ar staid an Aontais a thug sé os comhair Pharlaimint na hEorpa i mí Mheán Fómhair 2016 nuair a dúirt sé: *"Níl sé ceart go mbíonn ar an bParlaimint agus ar an gComhairle brú a chur ar an gCoimisiún cinneadh a dhéanamh cé acu an cóir nó nach cóir cosc a chur ar ghliofasáit i luibhicídí, mar shampla, mar nach dtig leis na Ballstáit an cinneadh sin a dhéanamh ina measc féin. Athrófar na rialacha seo – óir ní den daonlathas sin[1]."*.

I roinnt cásanna maidir le glacadh gníomhartha atá faoi réir an nós imeachta coiste, ba é cás an Choimisiúin, le blianta beaga anuas, go raibh oibleagáid dhlíthiúil air cinneadh maidir le húdarú a ghlacadh in éagmais thromlach cáilithe na mBallstát a raibh seasamh á ghlacadh acu (bíodh sé i bhfabhar nó i gcoinne) sa choiste. Tá fadhbanna ar leith ag baint leis an gcás neamhthuairime seo, dar leis an gCoimisiún, nuair a bhaineann sé le hábhair atá íogair ó thaobh na polaitíochta de a mbeadh tionchar díreach acu ar shaoránaigh agus ar ghnólachtaí, e.g., i réimse sláinte agus sábháilteachta daoine, ainmhithe nó plandaí.

Formhór na ngníomhartha dlí de chuid an Aontais a ghlactar gach bliain, is é an Coimisiún a ghlacann iad de bhun na gcumhachtaí arna dtabhairt dó ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle mar chomhreachtóir, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe faoi Airteagal 290 CFAE nó mar ghníomhartha cur chun feidhme faoi Airteagal 291 CFAE[2]. Murab ionann le gníomhartha tarmligthe faoi Airteagal 290 CFAE, leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún faoi Airteagal 291(3) CFAE, leagtar síos iad roimh ré i rialacháin arna nglacadh le gnáthnós imeachta reachtach. Leagtar síos na rialacha agus na prionsabail sin i Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 (an Rialachán maidir le nósanna imeachta coistí)[3].

Déantar foráil sa togra seo maidir le leasuithe spriocdhírithe agus leasaithe teoranta ar Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 agus, dá bhrí sin, baineann sé le gníomhartha cur chun feidhme amháin.

Chuir an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 i bhFeabhra 2016[4]. Ba é tátal na tuarascála go bhféadfaí, faoin Rialachán sin, cumhachtaí cur chun feidhme an Choimisiúin a úsáid go héifeachtach faoi rialú na mBallstát. Níl sé d'aidhm ag an togra seo, dá bhrí sin, creat an nós imeachta coiste a athrú i bhfírinne Leagadh amach sa tuarascáil freisin, áfach, líon teoranta cásanna achrannacha, go háirithe i ndáil leis an bpróiseas cinnteoireachta i dtaobh orgánaigh ghéinmhodhnaithe (OGManna). Sna cásanna sin, ní raibh tromlach cáilithe ann riamh sna Ballstáit i bhfabhar nó i gcoinne dréachtchinneadh ón gCoimisiún lena n-údarófaí orgánaigh

[1] Aitheasc ar Staid an Aontais, 2016: https://ec.europa.eu/priorities/state-union-2016_ga

[2] In 2016 ghlac an Coimisiún 137 ngníomh tharmligthe agus 1494 ghníomh cur chun feidhme.

[3] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún, IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.

[4] Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, 26.2.2016 COM(2016)92.

ghéinmhodhnaithe agus bia géinmhodhnaithe agus beatha ghéinmhodhnaithe. Ina áit sin, neamhthuairim an toradh a bhí ar na vótaí ar fad, i.e., ní fhéadfadh an coiste teacht ar sheasamh i bhfabhar nó i gcoinne dréachtghnímh. Bhíodh an toradh céanna i gcónaí ansin sa choiste achomhairc, comhlacht atá in ainm is cabhrú leis an bpróiseas cinnteoireachta i gcásanna íogaire agus i gcásanna achrannacha. Dá bhrí sin, ba ghá cinntí sa réimse sin a ghlacadh go córasach gan tacaíocht thromlach cáilithe na mBallstát sa choiste[5].

Tá bearta déanta ag an gCoimisiún cheana chun staid shonrach réimse na n-orgánach géinmhodhnaithe a chur san áireamh. Tar éis don Treoir maidir le saothrú a údarú[6] a theacht i bhfeidhm in 2015, ghlac an Coimisiún in Aibreán 2015 togra a raibh an loighic chéanna ann maidir leis an gcreat reachtach a leasú i ndáil le bia agus beatha[7]. Sa réiteach arna mholadh coimeádtar an próiseas údarúcháin lárnach, ach ceadaítear bearta rogha an diúltaithe do na Ballstáit. Tá an togra seo faoi réir an nós imeachta reachtaigh go fóill.

Is léir tar éis na bpléití a rinneadh maidir le fad a chur le tréimhse formheasa na substainte gníomhaí gliofosáite sa choiste achomhairc i samhradh 2016 nach bhfuil fadhb na neamhthuairime teoranta d'OGManna. Chomh maith leis sin, sa chás seo ní raibh na Ballstáit in ann tromlach a fháil i bhfabhar ná i gcoinne an chinnidh formheasa sa choiste achomhairc agus bhí ar an gCoimisiún cinneadh a dhéanamh gan tacaíocht ó na Ballstáit[8]. Mar a léirítear thuas, is mó fadhbanna atá ag baint leis sin ós rud é go mbaineann na cinntí sin go minic le hábhair atá íogair ó thaobh na polaitíochta de a mbeadh tionchar díreach acu ar shaoránaigh agus ar ghnólachtaí, go háirithe i réimse sláinte agus sábháilteachta daoine, ainmhithe nó plandaí. Cé go dtugtar de chumhacht don Choimisiún an cinneadh a dhéanamh sna cásanna sin, measann sé, i ngeall ar a íogaire is atá na ceisteanna i dtrácht, gur cheart do na Ballstáit, sna cásanna áirithe sin, freagracht níos mó a ghlacadh as a gcúraimí sa phróiseas cinnteoireachta. Mar sin féin, ní áirithítear sin a dhóthain i gcás nach féidir leis na Ballstáit tromlach cáilithe a bhaint amach toisc go gcinneann cuid acu staonadh tráth na vótála nó toisc nach bhfuil cuid acu i láthair ag cruinnithe na gcoistí nó an choiste achomhairc.

Measann an Coimisiún, dá bhrí sin, gur gá dul i ngleic leis an tsaincheist seo trí roinnt athruithe an-spriocdhírithe a dhéanamh ar na rialacha maidir le nósanna imeachta coiste. Tá tionscnamh fógartha aige sa Chlár Oibre le haghaidh 2017, dá bhrí sin, maidir leis na nósanna imeachta coiste a nuachóiriú[9].

Tá ceithre leasú spriocdhírithe sa togra seo. Tá ábhar an togra seo teoranta do na ceithre leasú spriocdhírithe sin agus ní chumhdaíonn sé aon ghné eile de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. Go deimhin, is é tuairim an Choimisiúin go n-oibríonn an córas a bunaíodh le Rialachán (AE)

---

5 Féach an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, ina ndéantar athbhreithniú ar an gcóras cinnteoireachta maidir le horgánaigh ghéinmhodhnaithe (OGManna) an 22.4.2015, COM (2015) 176.

6 Treoir (AE) 2015/412 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2015 lena leasaítear Treoir 2001/18/CE maidir leis an bhféidearthacht a bheith ag na Ballstáit srian nó toirmeasc a chur ar orgánaigh ghéinmhodhnaithe (OGManna) a shaothrú ar a gcríoch, IO L 68, 13.2.2015, lch. 1.

7 Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 maidir leis an bhféidearthacht a bheith ag na Ballstáit úsáid bia ghéinmhodhnaithe agus úsáid beatha géinmhodhnaithe ar a gcríoch a shrianadh nó a thoirmeasc, 22.4.2015, COM(2015) 177.

8 Rialachán cur chun feidhme (AE) 2016/4152/1 ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2016 lena leasaítear Rialachán cur chun feidhme (AE) Uimh. 540/2011 maidir le fad a chur le tréimhse formheasa na substainte gníomhaí gliofosáite.

9 Clár Oibre an Choimisiúin le haghaidh 2017, An Eoraip ag caomhnú, ag cumhachtú agus ag cosaint, 25.10.2016, COM(2016) 710.

Uimh. 182/2011 go sásúil i gcleachtas, ar an iomlán, agus gur éirigh leis cothromaíocht iomchuí institiúideach a bhaint amach i dtaobh ról an Choimisiúin agus ról na ngníomhairí eile lena mbaineann. Measann an Coimisiún, dá bhrí sin, go bhfuil sé ríthábhachtach gan aon athrú a dhéanamh ar fheidhmiú an chórais sin, seachas na leasuithe spriocdhírithe atá á moladh. Is é an t-aon chuspóir atá leis na leasuithe sin feidhmiú na nósanna imeachta coiste a fheabhsú ar leibhéal an choiste achomhairc chun cuntasacht pholaitiúil níos leithne agus úinéireacht gníomhartha cur chun feidhme atá íogair ó thaobh na polaitíochta de a áirithiú ach, mar sin féin, gan freagrachtaí dlíthiúla agus institiúideacha na ngníomhartha cur chun feidhme mar a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 iad a mhodhnú.

- **An creat reachtach atá ann faoi láthair**

Leagtar amach le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 an sásra maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún. Faoin nós imeachta is minic a úsáidtear, an "nós imeachta scrúdúcháin"[10] mar a thugtar air, cuireann ionadaithe an Choimisiúin dréachtghníomhartha cur chun feidhme faoi bhráid coiste atá comhdhéanta d'ionadaithe ó na Ballstáit, agus tugann an coiste sin a thuairim uaidh, trí vóta a chaitheamh, de ghnáth. Leanann na vótaí sin riail an tromlaigh cháilithe mar a leagtar amach sna conarthaí í. Tá trí chás féideartha ann ag an gcéim seo de vótáil an choiste:

– Má tá tromlach cáilithe na mBallstát i bhfabhar dhréachtghníomh an Choimisiúin (tuairim dhearfach) ***ní mór*** don Choimisiún an gníomh a ghlacadh.

– Má tá tromlach cáilithe i gcoinne dhréachtghníomh an Choimisiúin (tuairim dhiúltach) ***ní féidir*** leis an gCoimisiún an gníomh a ghlacadh.

– Mura bhfuil tromlach cáilithe i bhfabhar nó i gcoinne dhréachtghníomh an Choimisiúin (neamhthuairim) ***féadfaidh*** an Coimisiún an dréachtghníomh reachtach a ghlacadh, rud a chiallaíonn go bhféadfaidh sé a chinneadh freisin gan é ghlacadh.

Is é an chúis le ligean don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh fad is nach bhfuil tromlach cáilithe na mBallstát i gcoinne an bhirt, a áirithiú go gcuirtear an reachtaíocht chun feidhme go héifeachtach. Ní féidir an Coimisiún a bhlocáil ó ghníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh ach amháin má chuireann tromlach cáilithe na mBallstát ina choinne. Maidir leis an bpointe seo, tá comhthreomhaireacht leis na forálacha maidir le gníomhartha tarmligthe ós rud é go bhfuil tromlach (cáilithe) de dhíth sa chás sin freisin, ach tromlach i Parlaimint na hEorpa nó sa Chomhairle seachas i gcoiste atá i gceist, chun cosc a chur le gníomh teacht i bhfeidhm.

Mar sin féin, tá líon áirithe cásanna a liostaítear sa Rialachán maidir le nós imeachta coistí[11] ina gcuirtear bac ar an gCoimisiún faoin dlí an gníomh cur chun feidhme a ghlacadh i gcás neamhthuairime ag céim an choiste scrúdúcháin. Tá feidhm leis seo i dtrí chás éagsúla:

(1) i réimsí beartais áirithe (a bhaineann le cánachas, seirbhísí airgeadais, cosaint sláinte nó sábháilteachta daoine, ainmhithe nó plandaí, nó bearta cosanta iltaobhacha cinntitheacha);

[10] Níl an nós imeachta comhairleach ábhartha.
[11] A liostaítear in Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

(2) más rud é go ndéantar foráil sa bhunghníomh nach bhféadfar an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh i gcás neamhthuairime (dá ngairtear "clásal neamhthuairime");

(3) más rud é go bhfuil tromlach simplí de na comhaltaí a chomhdhéanann an coiste i gcoinne an dréachtghnímh.

Sna cásanna sin, cuireann an Coimisiún an gníomh cur chun feidhme faoi bhráid an choiste achomhairc, atá comhdhéanta freisin d'ionadaithe ó na Ballstáit, ach ar leibhéal níos airde. Más rud é gur neamhthuairim an toradh a fhaightear ón gcoiste achomhairc, féadfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh a ghlacadh. Fágann sé sin, más rud é gur neamhthuairim atá roimh an gCoimisiún ag deireadh an nós imeachta scrúdúcháin sna cásanna sin, go bhfágtar de rogha aige a chinneadh cé acu a ghlacfar nó nach nglacfar an dréachtghníomh cur chun feidhme.

Tugadh isteach an rogha sin don Choimisiún i gcás neamhthuairime le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. Roimh 2011, i gcás neamhthuairim ón gcoiste agus mura thug an Chomhairle tuairim uaithi, ní raibh sé de rogha ag an gCoimisiún ach an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh. Tugadh solúbthacht bhreise isteach chun go mbeadh an Coimisiún in ann athmhachnamh a dhéanamh ar an ndréachtghníomh cur chun feidhme, ar cibé acu is ceart nó nár cheart é a ghlacadh, nó chun go mbeadh sé in ann dréacht leasaithe a chuir faoi bhráid an choiste, ag cur san áireamh, *inter alia*, an seasamh arna chur in iúl ag na Ballstáit sa choiste. Leagtar béim ar an méid sin in aithris 14 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 freisin, mar atá: *"Nuair a bheidh breithniú á dhéanamh maidir le glacadh dréachtghníomhartha cur chun feidhme eile a bhaineann le hearnálacha atá thar a bheith íogair, go háirithe cánachas, sláinte an tomhaltóra, sábháilteacht bia agus cosaint an chomhshaoil, gníomhóidh an Coimisiún, chun réiteach cothrom a fháil agus a mhéid is féidir, ar shlí ina seachnófar dul i gcoinne aon seasaimh cheannasaigh a d'fhéadfadh teacht chun cinn laistigh den choiste achomhairc, ar seasamh é a bheadh in aghaidh oiriúnacht gnímh chur chun feidhme."*

Ní hionann an tsolúbthacht sin, áfach, agus gan an oibleagáid a bheith ar an gCoimisiún cinneadh a dhéanamh in a leithéid de chásanna a bhaineann le hiarrataí ar údarú a fháil chun táirgí nó substaintí a chur ar an margadh. Ós rud é go bhfuil sé de cheart ag an táirgeoir a bhfuil iarratas ar údarú curtha isteach aige cinneadh a fháil i leith na hiarrata sin, tá sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún cinneadh a ghlacadh faoi cheann tréimhse réasúnach. Faoin gcreat nós imeachta coiste a bhí ann roimhe seo, mheas an Chúirt Ghinearálta gur theip ar an gCoimisiún gníomhú i gcás inar staon sé ón nós imeachta údarúcháin a leanúint tar éis vóta neamhthuairime a fháil sa choiste[12].

As iomlán 1726 thuairim arna dtabhairt ag coistí in 2015, bhí dhá thuairim dhiúltacha ann agus 36 chás neamhthuairime, arb ionann iad agus thart ar 2 % den iomlán. Rinneadh 10 gcinn acu sin a tharchur chuig an gcoiste achomhairc agus neamhthuairim an toradh a bhí orthu sin freisin. Sa tréimhse 2011–2015, i gcás 36 chás de na 40 cás a cuireadh faoi bhráid an choiste achomhairc, dheimhnigh an coiste sin an vóta neamhthuairime. Cé nach mbaineann sin ach le líon íseal cásanna ar an iomlán, is i réimsí an-íogair a bhíonn na cásanna sin. Dá bhrí sin, níor chuidigh an coiste achomhairc chun seasamh na mBallstát a shoiléiriú agus is beag an breisluach atá léirithe aige go dtí seo. Measann an Coimisiún gur gá na rialacha a

[12] Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 26 Meán Fómhair 2013 i gCás T-164/10, Pioneer Hi-Bred International, Inc. v an Coimisiún.

rialaíonn an coiste achomhairc a athrú, dá bhrí sin, chun go mbeidh sé in ann a ról iomlán a dhéanamh.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Na leasuithe atá beartaithe ar Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 tá siad spriocdhírithe agus teoranta, agus tá siad ceaptha le dul i ngleic le cásanna eisceachtúla ar leibhéal an choiste achomhairc. Ós rud é go bhfuil sé cruthaithe go n-oibríonn an córas a bunaíodh leis an Rialachán go sásúil, ar an iomlán, measann an Coimisiún go bhfuil sé ríthábhachtach gan aon athrú a dhéanamh ar an gcuid eile de.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra comhsheasmhach leis an togra ón gCoimisiún maidir le bia géinmhodhnaithe agus beatha ghéinmhodhnaithe[13]. Cé go raibh tionchar i bpáirt ag na torthaí neamhthuairime sa réimse sin ar an togra sin, is é an cur chuige a beartaíodh ceadú do na Ballstáit úsáid bia ghéinmhodhnaithe agus beatha géinmhodhnaithe ar a chríoch a shrianadh nó a thoirmeasc. Tugann sin aghaidh ar chás áirithe na hearnála seo agus ní bhaineann sé leis an bpróiseas cinnteoireachta féin. Baineann an cur chuige a bheartaítear leis an togra seo leis na rialacha nós imeachta agus ar an gcaoi sin, tá sé beann ar an earnáil. Tá an dá chur chuige comhlántach, dá bhrí sin.

Tá an togra seo comhsheasmhach, an méid céanna, leis an dá rialachán atá beartaithe lena ndéantar roinnt gníomhartha tarmligthe lena ndéantar foráil maidir le húsáid an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a oiriúnú d'Airteagal 290 agus Airteagal 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i gcomhréir leis an ngealltanas a rinneadh sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le reachtóireacht níos fearr[14]. Ní bheartaítear sna rialacháin bheartaithe sin aon athrú i dtaca leis na nósanna imeachta cinnteoireachta, ach tá sé d'aidhm acu na cumhachtaí atá ann cheana a thabhairt i gcomhréir le cumhachtaí gníomhartha tarmligthe agus i roinnt cásanna le cumhachtaí gníomhartha cur chun feidhme.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an togra bunaithe ar Airteagal 291(3) CFAE, bunús dlí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, a fhéachann an togra seo lena leasú.

---

13 Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 maidir leis an bhféidearthacht atá ann do na Ballstáit úsáid bia ghéinmhodhnaithe agus úsáid beatha géinmhodhnaithe ar a gcríoch a shrianadh nó a thoirmeasc, 22.4.2015, COM(2015) 177.

14 COM(2016)799: Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena ndéantar roinnt gníomhartha dlíthiúla lena ndéantar foráil maidir le húsáid an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a oiriúnú d'Airteagal 290 agus Airteagal 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus do COM(2016)798: Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena ndéantar roinnt gníomhartha dlíthiúla i réimse an Cheartais lena ndéantar foráil maidir le húsáid an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a oiriúnú d'Airteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Féach pointe 27 den Chomhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún an 13 Aibreán 2016 maidir le reachtóireacht níos fearr, IO L 123, 12.5.2016, lch. 1. Maidir le roinnt gníomhartha i réimse na sláinte agus na sábháilteachta a eisíodh ón méid thuasluaite, déanfaidh an Coimisiún togra le haghaidh ailíniú in am trátha.

- **Coimhdeacht**

Faoi Airteagal 291(3) CFAE, tá an inniúlacht eisiach ag an Aontas na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a leagan síos a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún.

- **Comhréireacht**

Tá na srianta atá beartaithe teoranta don mhéid is gá chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist agus ní théann siad thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí a bhaint amach. Tá siad teoranta d'athruithe ar leibhéal an choiste achomhairc.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX-POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

Déantar foráil sa togra seo maidir le hathruithe teoranta ar na nósanna imeachta i dtaca le gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh ar leibhéal an choiste achomhairc. Na hathruithe sin ar athruithe institiúideacha nó athruithe ar an nós imeachta iad, níl feidhme acu, mar shampla, maidir leis na rialacha lena n-aithnítear na fachtóirí is ceart a úsáid le formheas substainte a mheas. Níl tionchar na n-athruithe sin ar an ngeilleagar, ar an gcomhshaol ná ar an tsochaí chomh suntasach céanna, dá bhrí sin. Níl aon mheasúnú tionchair de dhíth, ar an ábhar sin.

## 4. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

Tugadh isteach an coiste achomhairc le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 chun an díospóireacht a chur ar siúl, go háirithe i gcás nár thug an coiste scrúdúcháin tuairim uaidh, ar leibhéal níos polaitiúla. Mar sin féin, go dtí seo níor éirigh leis cásanna neamhthuairime a sheachaint ná níor chuidigh sé chun seasamh na mBallstát a shoiléiriú agus ar an gcaoi sin is beag breisluach atá léirithe aige. Na hathruithe atá beartaithe, tá sé d'aidhm acu baol na neamhthuairime ar leibhéal an choiste achomhairc a laghdú, an próiseas cinnteoireachta a éascú agus úinéireacht pholaitiúil na mBallstát ar chinntí íogaire áirithe a áirithiú. Nuair a ghlacfar na leasuithe atá beartaithe, is gá iad a áireamh i rialacha nós imeachta an choiste achomhairc, agus ní mór iad sin a oiriúnú, dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 3(7) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

- **Athruithe ar na rialacha vótála don choiste achomhairc**

Tugann na coistí, lena n-áirítear an coiste achomhairc, a dtuairim uathu de réir Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 le linn an nós imeachta scrúdúcháin leis an tromlach a leagtar síos in Airteagal 16(4) agus (5) CAE agus, nuair is infheidhme, Airteagal 238(3) CFAE. Déanfar foráil in Airteagal 16(4) CAE agus in Airteagal 238(3) CFAE maidir le tromlach dúbailte. Dá bhrí sin, tá tromlach cáilithe ann más rud é:

1) go n-áirítear sa tromlach 55 % ar a laghad de na Ballstáit. Is ionann sin agus a rá gur gá 16 Bhallstát ar a laghad chun tromlach cáilithe a fháil.

2) go n-áirítear sa tromlach Ballstáit ina bhfuil 65 % ar a laghad de dhaonra an Aontais[15].

I gcás nach nglacann na Ballstáit uile páirt sa vótáil, sainmhínítear i bhfomhír (a) d'Airteagal 238(3) tromlach cáilithe mar 55 % ar a laghad de na Ballstáit rannpháirteacha, ina bhfuil 65 % ar a laghad de dhaonra na Stát sin. Sna cásanna sin, ní mór a bheith ar áireamh i mionlach blocála an t-íoslíon Ballstát, ar a laghad, a fhreagraíonn do níos mó ná 35 % de dhaonra na mBallstát rannpháirteach, móide Ballstát amháin; dá uireasa sin measfar an tromlach cáilithe a bheith ann.

Faoi na rialacha atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le staonadh, nó i gcás Ballstáit nach bhfuil i láthair nó nach bhfuil ionadaí i láthair ar a son, ní áirítear iad i dtaobh tromlach cáilithe a bhaint amach i bhfabhar nó i gcoinne, ach ní bhaintear iad ó na figiúirí foriomlána ar an mbunaítear an 55 % de na Ballstáit agus an 65 % de dhaonra an Aontais. Ciallaíonn sé sin, i gcleachtas, gur mó seans go mbíonn torthaí neamhthuairime ann i ngeall ar staonadh le linn vótála agus neamhláithreachtaí Ballstát a chinneann gan a bheith i láthair nó gan ionadaí a bheith i láthair ar a son, agus mar sin is faoin gCoimisiún a bhíonn an cinneadh. Ní thugann na rialacha mar atá siad faoi láthair aon spreagadh do na Ballstáit vótáil i bhfabhar nó i gcoinne an dréachtghnímh cur chun feidhme. Dá bhrí sin, go dtí seo ní raibh an coiste achomhairc in ann a ról a dhéanamh faoi na rialacha vótála atá i bhfeidhm faoi láthair.

Moltar, dá bhrí sin, na rialacha vótála don choiste achomhairc a athrú chun baol na neamhthuairime a laghdú agus chun seasamh na mBallstát a shoiléiriú trína mheas gur "Ballstáit neamh-rannpháirteacha" iad na Ballstáit nach bhfuil i láthair, nó a staonann, agus an tromlach cáilithe á ríomh. Is ionann sin agus a rá go ndéanfar an tromlach dúbailte (55 % de na Ballstáit arb ionann iad agus 65 % den phobal) a ríomh ar bhonn an mBallstát atá rannpháirteach sa vótáil, agus a vótálann i bhfabhar nó i gcoinne dá bhrí sin, agus ar a mbonn sin amháin, i gcomhréir le hAirteagal 238(3)(a) ó CFAE. Déanfar an mionlach blocála a ríomh i gcomhréir leis an bhforáil sin den Chonradh chomh maith.

Chun a áirithiú gur vóta ionadaíoch an vóta, ní mór córam a thabhairt isteach sa Rialachán maidir le nós imeachta coistí[16], ar chuntar go measfar nach mbeidh an vóta bailí ach amháin más baill rannpháirteacha iad tromlach simplí na mBallstát sa vóta sa choiste achomhairc. Tabharfar isteach na hathruithe ábhartha le hAirteagal 6(1) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. Faoi mar atá faoi láthair, chun nach mblocálfar an próiseas de dheasca gan córam a bheith bainte amach, nuair a bheidh an sprioc-am don choiste achomhairc le tuairim a thabhairt istigh, measfar nach bhfuil tuairim tugtha ag an gcoiste achomhairc.

- **Tarchur an athuair chuig an gcoiste achomhairc ar leibhéal na n-airí**

Go dtí seo, ar an iomlán, níor éirigh leis an gcoiste achomhairc cásanna neamhthuairime a sheachaint ná níor chuidigh sé chun seasamh na mBallstáit a shoiléiriú. Déantar tagairt i Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 do leibhéal iomchuí ionadaíochta[17] agus sonraítear sna rialacha nós imeachta don choiste achomhairc, arna gcomhaontú ag na Ballstáit, nach mbeidh

---

[15] Leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le rialacha nós imeachta na Comhairle, Cinneadh 2009/937 ón gComhairle an 1 Nollaig 2009 lena nglactar rialacha nós imeachta na Comhairle (2009/937/AE) (IO L 325, 11.12.2009, lch.35), a leasaítear le Cinneadh 2016/2353 ón gComhairle an 8 Nollaig 2016, IO L 348, 21.12.2016, lch 27, na figiúirí daonra agus na céatadáin a fhreagraíonn dóibh.

[16] Faoi láthair déantar foráil sna rialacha nós imeachta maidir le córam agus déantar foráil maidir le ceanglas go mbeadh tromlach na mBallstát i láthair, IO C 183, 24.6.2011, lch. 13.

[17] Airteagal 3(7) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

an ionadaíocht sa choiste faoi bhun leibhéal na mBuanionadaithe[18], mar riail ghinearálta. Is léir ón taithí a fuarthas gurb iad na buanionadaíochtaí den chuid is mó a rinne ionadaíocht ar na Ballstáit go dtí seo.

Chun ról an choiste achomhairc a neartú i gcásanna atá an-íogair, tá sé beartaithe foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht tarchur a dhéanamh an athuair chuig an gcoiste achomhairc i gcas neamhthuairime. Ar an gcaoi sin, beifear in ann aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna achrannacha arís ar an leibhéal polaitiúil is iomchuí. Chuige sin, tá sé beartaithe foráil a dhéanamh go bhféadfaidh an Cathaoirleach a chinneadh cruinniú eile de chuid an choiste achomhairc a thionól agus a léiriú ag an am céanna gurb é leibhéal na n-airí an leibhéal iomchuí ionadaíochta don chruinniú sin. Chun gur féidir cruinniú eile a eagrú, ba cheart mí amháin a chur leis an sprioc-am don choiste achomhairc tuairim a thabhairt ionas go mbeidh trí mhí ó dháta an chéad tarchuir ann mar sprioc. Áiritheofar na hathruithe ábhartha in Airteagal 3(7) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

- **Vótaí ionadaithe na mBallstát ar leibhéal an choiste achomhairc a phoibliú**

Faoi láthair, cumhdaítear vótaí ionadaithe na mBallstát sa choiste achomhairc faoi na rialacha rúndachta dá bhforáiltear sna rialacha nós imeachta le haghaidh an choiste achomhairc[19], mar atá i gcás na gcoistí scrúdúcháin agus comhairliúcháin[20]. Déantar foráil in Airteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 maidir leis an bhfaisnéis faoi imeachtaí an choiste is féidir a phoibliú, agus i dtaca leis an vótáil déantar tagairt do "torthaí vótála", i.e. iomlán na dtorthaí vótála amháin, ní vótaí na mBallstát aonair. Measann an Coimisiún go bhfuil tuilleadh trédhearcachta de dhíth i dtaca le seasamh ionadaithe na mBallstát sa choiste achomhairc. Tá sé mar aidhm ag an moladh vótaí ionadaithe na mBallstát a phoibliú seasamh na mBallstát a shoiléiriú. Áiritheofar in Airteagal 10(1)(e) agus (5) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 an fhoráil ábhartha maidir le vótaí ionadaithe na mBallstát aonair sa choiste achomhairc a phoibliú.

- **Foráil a dhéanamh maidir leis an gceart an t-ábhar a tharchur chuig an gComhairle chun a tuairim a fháil**

Faoi Airteagal 291 CFAE, tugann an reachtóir de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh faoi rialú na mBallstát. Níl ról ar bith ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle, dá bhrí sin, sa nós imeachta cinnteoireachta féin, agus níl baint acu acu leis an gceart chun grinnscrúdaithe faoi Airteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

De réir Airteagal 291(1) CFAE, is iad na Ballstáit atá freagrach as gníomhartha an Aontais a chur chun feidhme agus is iad a rialaíonn an Coimisiún i gcás ina dtugtar cumhachtaí cur chun feidhme dó. I gcás nach bhfuil tuairim shoiléir ag na Ballstáit laistigh den phróiseas rialaithe seo, ba cheart an deis a bheith ann an t-ábhar a tharchur chuig an gComhairle, mar is í sin an institiúid de chuid an Aontais a bhfuil ionadaíocht ag rialtais na mBallstát ar leibhéal na n-airí inti agus tá radharc foriomlán aici ar bheartais uile an Aontais. Tá sé beartaithe, dá bhrí sin, a chur ar chumas an Choimisiúin cásanna áirithe a tharchur tar éis toradh neamhthuairime sa choiste achomhairc le tuairim neamhcheangailteach na Comhairle a fháil, d'fhonn a

[18] Airteagal 1(5) de rialacha nós imeachta an choiste achomhairc, IO C 183, 24.6.2011, lch. 13.

[19] De réir Airteagal 9(2) agus Airteagal 12(2) de na rialacha caighdeánacha nós imeachta, ní luafar i dtaifid achomair na gcruinnithe seasamh na mBallstát aonair i bpléití an choiste agus beidh pléití an Choiste faoi rún.

[20] Féach Airteagal 10(2) agus Airteagal 13(2) de na rialacha caighdeánacha nós imeachta le haghaidh coistí, IO C 206, 12.7.2011, lch. 11.

treoshuíomh polaitiúil a fháil amach i dtaca le himpleachtaí na neamhthuairime, lena n-áirítear na himpleachtaí institiúideacha, dlíthiúla, polaitiúla agus idirnáisiúnta. Ba cheart don Choimisiún a chur san áireamh aon seasamh a chuireann an Chomhairle in iúl laistigh de 3 mhí tar éis an tarchuir. I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh an Coimisiún sprioc-am níos giorra a lua sa tarchur.

2017/0035 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 291(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[21] na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún.

(2) Tá sé cruthaithe go n-oibríonn an córas a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 182/2011 go sásúil i gcleachtas, ar an iomlán, agus gur éirigh leis cothromaíocht iomchuí institiúideach a bhaint amach i dtaobh ról an Choimisiúin agus ról na ngníomhairí eile lena mbaineann. Ba cheart, dá bhrí sin, gan aon athrú a dhéanamh ar fheidhmiú an chórais sin, seachas roinnt leasuithe spriocdhírithe a dhéanamh a bhaineann le gnéithe sonracha den nós imeachta ar leibhéal an choiste achomhairc. Tá na leasuithe sin beartaithe cuntasacht pholaitiúil níos leithne agus úinéireacht gníomhartha cur chun feidhme atá íogair ó thaobh na polaitíochta de a áirithiú ach, mar sin féin, gan freagrachtaí dlíthiúla agus institiúideacha na ngníomhartha cur chun feidhme mar a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 iad a mhodhnú.

(3) I líon áirithe cásanna, déantar foráil le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 maidir le tarchur chuig an gcoiste achomhairc. I gcleachtas, tháinig an coiste achomhairc le chéile nuair nach raibh aon tromlach cáilithe, i bhfabhar nó i gcoinne, sa choiste i gcomhthéacs an nós imeachta scrúdúcháin, agus nár tugadh aon tuairim, dá bhrí sin. I dtromlach na gcásanna, tharla sin i dtaca le horgánaigh ghéinmhodhnaithe, bia géinmhodhnaithe, beatha ghéinmhodhnaithe agus táirgí cosanta plandaí.

21 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L55, 28.2, 2011, lch. 13).

(4) Is léir ón taithí a fuarthas, i dtromlach mór na gcásanna, go mbíodh an toradh céanna ag an gcoiste achomhairc agus a bhíodh ag an gcoiste scrúdúcháin agus ba é neamhthuairim an toradh air sin. Níorbh aon chúnamh an coiste achomhairc, dá bhrí sin, chun seasamh na mBallstát a shoiléiriú.

(5) Déanfar foráil le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 go bhféadfaidh an Coimisiún, sna cásanna sin, an dréachtghníomh reachtach a ghlacadh, agus é a fhágáil faoi rogha an Choimisiúin ar an gcaoi sin.

(6) Bíonn an rogha sin níos srianta, áfach, i gcásanna a bhaineann le táirgí nó substaintí a údarú, amhail i réimse an bhia ghéinmhodhnaithe nó na beatha géinmhodhnaithe, toisc go bhfuil sé de dhualgas ar an gCoimisiún cinneadh a ghlacadh laistigh de thréimhse réasúnach agus ní féidir leis staonadh ó chinneadh a dhéanamh.

(7) Cé go dtugtar de chumhacht don Choimisiún an cinneadh a dhéanamh sna cásanna sin, i ngeall ar a íogaire is atá na ceisteanna i dtrácht is ceart do na Ballstáit freagracht iomlán a ghlacadh as a gcúraimí sa phróiseas cinnteoireachta. Ní hamhlaidh atá, áfach, nuair nach bhfuil na Ballstáit in ann tromlach cáilithe a fháil i ngeall ar, i measc cúiseanna eile, líon suntasach staonta nó neamhláithreachtaí tráth na vótála.

(8) Chun breisluach an choiste achomhairc a mhéadú, ba cheart a ról a neartú trí fhoráil a dhéanamh maidir leis an deis cruinniú eile den choiste achomhairc a thionól i gcás neamhthuairime. Is ar leibhéal na n-airí is ceart an leibhéal iomchuí ionadaíochta a bheith sa chéad chruinniú eile den choiste achomhairc, chun a áirithiú go ndéantar cinneadh polaitiúil. Chun go bhféadfar cruinniú eile a eagrú, ba cheart cur leis an sprioc-am don choiste achomhairc tuairim a thabhairt.

(9) Ba cheart na rialacha vótála don choiste achomhairc a athrú chun baol na neamhthuairime a laghdú agus chun spreagadh a thabhairt d'ionadaithe na mBallstát seasamh soiléir a ghlacadh. Chuige sin, ba cheart a mheas gur Ballstáit rannpháirteacha iad na Ballstáit atá i láthair nó a bhfuil a n-ionadaithe i láthair, agus nach staonann, agus iad siúd amháin, agus an tromlach cáilithe á ríomh. Chun a áirithiú go bhfuil toradh na vótála ionadaíoch, níor cheart vóta a mheas mar vóta bailí ach amháin más baill rannpháirteacha den choiste achomhairc iad tromlach simplí na mBallstát. Mura mbaintear an córam amach sula mbíonn an sprioc-am don choiste cinneadh a dhéanamh istigh, measfar gur neamhthuairim a tháinig ón gcoiste, faoi mar atá i láthair na huaire.

(10) Ba cheart an deis a bheith ag an gCoimisiún, i gcásanna áirithe, iarraidh ar an gComhairle a dearcaí agus a claonadh a chur in iúl i dtaobh na n-impleachtaí níos leithne a bheadh ann in éagmais tuairime, lena n-áirítear na himpleachtaí institiúideacha, dlíthiúla, polaitiúla agus idirnáisiúnta. Ba cheart don Coimisiún a chur san áireamh aon seasamh a chuireann an Chomhairle in iúl laistigh de 3 mhí tar éis an tarchuir. I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh an Coimisiún sprioc-am níos giorra a lua sa tarchur.

(11) Ba cheart tuilleadh trédhearcachta a bheith ann i gcás vótaí ionadaithe na mBallstát ar leibhéal an choiste achomhairc agus ba cheart vótaí ionadaithe na mBallstát aonair a phoibliú.

(12) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 mar a leanas:

(1) In Airteagal 3(7), cuirtear an séú fomhír seo a leanas leis:

"I gcás neamhthuairim ón gcoiste achomhairc de bhun an dara fomhír d'Airteagal 6(3), féadfaidh an cathaoirleach a chinneadh go dtionólfaidh an coiste achomhairc cruinniú eile, ar leibhéal na n-airí. Sna cásanna sin, tabharfaidh an coiste achomhairc a thuairim laistigh de 3 mhí ó dháta an chéad tarchuir. ";

(2) Leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

(a) cuirtear an dara fomhír seo a leanas le mír 1:

"Mar sin féin, ní mheasfar gur baill rannpháirteacha den choiste achomhairc iad aon bhall den choiste achomhairc nach bhfuil i láthair nó nach bhfuil a ionadaí i láthair tráth na vótála nó aon bhall a staonann ón vóta. An tromlach dá dtagraítear in Airteagal 5(1), is é sin an tromlach cáilithe dá dtagraítear in Airteagal 238(3)(a) CFAE. Ní mheasfar go bhfuil vóta bailí ach amháin más baill rannpháirteacha iad tromlach simplí na mBallstát.";

(b) cuirtear isteach an mhír 3a seo a leanas:

"3a. I gcás neamhthuairim ón gcoiste achomhairc, féadfaidh an Coimisiún an cheist a chur faoi bhráid na Comhairle chun a tuairim a fháil lena dearcaí agus a claonadh a chur in iúl i dtaobh na n-impleachtaí níos leithne a bheadh ann in éagmais tuairime, lena n-áirítear na himpleachtaí institiúideacha, dlíthiúla, polaitiúla agus idirnáisiúnta. Cuirfidh an Coimisiún san áireamh aon seasamh a chuireann an Chomhairle in iúl laistigh de 3 mhí tar éis an tarchuir. I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh an Coimisiún sprioc-am níos giorra a lua sa tarchur.";

(3) Leasaítear Airteagal 10 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e) de mhír 1:

"(e) na torthaí vótála, lena n-áirítear, i gcás an choiste achomhairc, vótaí ionadaí gach Ballstáit; ";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

"5. Maidir le tagairtí do na doiciméid ar fad dá dtagraítear i bpointe (a) go (d) agus (f) go (g) de mhír 1 chomh maith leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i bpointe (e) agus (h) den mhír sin, déanfar iad a phoibliú i gclár na ndoiciméad."

*Airteagal 2*

Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le nósanna imeachta atá ar feitheamh agus inar thug an coiste achomhairc tuairim cheana maidir le dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an  lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Strasbourg,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*